(*Beartas Comhshaoil agus Fuinnimh*)

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

(*Lúnasa 2025*)

Uimh. Thag an Doiciméid:	*BOOLM/BCF*
Uimhir athbhreithnithe	*003*
Dáta an Athbhreithnithe	*20 Lúnasa 2025*
Arna ullmhú ag	*Frank Smith, Príomhoifigeach Cúnta*
Arna ghlacadh ag	*Xxxxxx*
Freagracht as Cur i bhFeidhm	*Foireann agus foghlaimeoirí BOOLM*
Freagracht as Athbhreithniú	*Frank Smith, Príomhoifigeach Cúnta*
Tréimhse Athbhreithnithe	*Dhá bhliain*
An Chéad Dáta Athbhreithnithe eile	*Lúnasa 2027*
An Dáta ar Cuireadh an Beartas Bunaidh (Leagan 1) i bhFeidhm	*8 Márta 2023*
Suíomh Foinse	FOIRNE BOOLM – Doiciméid bheartais
Doiciméid Eile dá dTagraítear dóibh	*N/B*

Rialú Leagain			
Uimhir Leagain	**Dáta Athbhreithnithe**	**Dáta Glactha**	**Faisnéis Nuashonraithe -** *Tabhair sonraí maidir leis an méid atá nuashonraithe sa leagan nua den bheartas*
001	*8 Márta 2023*	*8 Márta 2023*	
002	21 Samhain 2024	21 Samhain 2024	
003	20 Lúnasa 2025		Nuashonrú déanta de bhun athbhreithnithe.

1. Cuspóir

- Déanann Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí a dhícheall a thomhaltas agus a chostais fuinnimh a laghdú agus inbhuanaitheacht chomhshaoil agus eacnamaíoch fhadtéarmach a ghníomhaíochtaí a chur chun cinn.
- Cuir go dearfach le spriocanna náisiúnta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi théarmaí an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- Oideachas a chur ar bhaill foirne agus ar mhic léinn maidir le bainistíocht agus inbhuanaitheacht fuinnimh.
- Cuir le sochaí níos inbhuanaithe.
- Comhtháthaigh bainistíocht comhshaoil i ngníomhaíochtaí laethúla.

2. Raon feidhme

Baineann ceanglais an bheartais seo le gach foghlaimeoir, conraitheoir agus fostaí de chuid BOOLM. Leagann sé amach tiomantas BOOLM timpeallacht oibre agus foghlama shábháilte agus chompordach a chur ar fáil agus bearta a chosnaíonn an comhshaol trí úsáid éifeachtach fuinnimh a chur chun cinn, a spreagadh agus a éascú ag an am céanna.

3. Cuspóirí

3.1 Coinnigh taifid agus déan monatóireacht ar úsáid fuinnimh agus lean de bheith ag feabhsú éifeachtúlacht fuinnimh agus tuairisciú a dhéanamh air sin de réir mar is gá.

3.2 Oibreoidh BOOLM chun spriocanna agus aidhmeanna a chur i bhfeidhm mar atá leagtha amach ina Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide.

3.3 Déanfaidh BOOLM a Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide a nuashonrú ina leagfar amach conas a bhainfidh sé amach a spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus spriocanna laghdaithe astaíochtaí.

3.4 Tabhair gealltanas d'Iniúchtaí Fuinnimh a chríochnú ar 85% d'fhoirgnimh BOOLM

3.5 Tabhair gealltanas go gcloífear le Soláthar Poiblí Glas agus earraí agus seirbhísí á bhfáil

3.6 Cuir feasacht fuinnimh san áireamh in oiliúint foirne.

3.7 Déan fuinneamh, uisce agus acmhainní nádúrtha a chaomhnú.

3.8 Cuir feachtais Laghdaigh, Athúsáid, Athchúrsáil chun cinn laistigh den eagraíocht.

3.9 Cuir oideachas comhshaoil agus bearta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol chun cinn ina láithreacha, lena n-áirítear plandáil crann, athchur agus spásanna glasa.

3.10 Smaoinigh ar fheabhsuithe ar fheidhmíocht fuinnimh i ndearadh agus i modhnú ár n-áiseanna.

3.11 Déan iarracht feabhas leanúnach a bhaint amach ar éifeachtúlacht fuinnimh.

3.12 Lean ar aghaidh ag obair le heagraíochtaí ar nós Scoileanna Glasa Éireann agus ÚFIÉ (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann).

Agus an beartas seo á chur i bhfeidhm, déanfaidh BOOLM iarracht éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus dá bharr sin cabhrú le timpeallacht níos sláintiúla agus níos inbhuanaithe a chruthú do bhaill foirne agus do mhic léinn.

4. Beartas/ Comhlíonadh

Tá BOOLM tiomanta go n-oibreoidh a scoileanna, a ionaid agus a oifigí i gcomhréir leis an mbeartas seo agus leis na ceanglais dhlíthiúla uile is infheidhme. Comhlíonfaidh BOOLM a oibleagáidí comhshaoil. Geallann BOOLM feabhas leanúnach a chur ar a chláir fuinnimh agus inbhuanaitheachta comhshaoil.

5. Athbhreithniú agus Nuashonrú

Déanfar athbhreithniú agus nuashonrú ar an mbeartas seo de réir mar is gá gach dhá bhliain.